Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16829/25**

**COJUR 99**
**COMAR 53**
**JUR 851**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16719/25 |
| Ábhar: | Dearbhú ón Aontas Eorpach agus óna Bhallstáit maidir le leas iomlán a bhaint as an gcreat um dhlí idirnáisiúnta na farraige i gcomhthéacs na mbagairtí ón 'scáthchabhlach' agus chosaint an bhonneagair chriticiúil faoin bhfarraige |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, Dearbhú ón Aontas Eorpach agus óna Bhallstáit maidir le leas iomlán a bhaint as an gcreat um dhlí idirnáisiúnta na farraige i gcomhthéacs na mbagairtí ón 'scáthchabhlach' agus chosaint an bhonneagair chriticiúil faoin bhfarraige, mar a d'fhormheas an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha é ag an gcruinniú a bhí aici an 15 Nollaig 2025.

**DEARBHÚ ÓN AONTAS EORPACH AGUS ÓNA BHALLSTÁIT MAIDIR LE LEAS IOMLÁN A BHAINT AS AN gCREAT UM DHLÍ IDIRNÁISIÚNTA NA FARRAIGE I gCOMHTHÉACS NA mBAGAIRTÍ ÓN 'SCÁTHCHABHLACH' AGUS CHOSAINT AN BHONNEAGAIR CHRITICIÚIL FAOIN BHFARRAIGE**

DÉANANN AN tAONTAS EORPACH AGUS A BHALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS,

AGUS É Á MHEABHRÚ ACU, mar a leagtar amach i Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh an 24 Deireadh Fómhair 2023, go bhfuil 'gá le tuilleadh gníomhaíochta ón Aontas mar sholáthraí slándála idirnáisiúnta' i bhfianaise 'bagairtí ar phríomhbhonneagair mhuirí agus iarmhairtí fhogha míleata neamhdhleathach agus gan údar na Rúise faoin Úcráin.' Meabhraítear freisin sa Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan, a ghlac an Coimisiún Eorpach an 5 Meitheamh 2025, go bhfuil 'bonneagair mhuirí chriticiúla faoi bhagairt.',

AGUS É Á THABHAIRT DÁ nAIRE nach ón 'scáthchabhlach' amháin a eascraíonn na bagairtí ar an mbonneagar criticiúil faoin bhfarraige,

AGUS É Á THABHAIRT DÁ nAIRE go raibh an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) ag tathant ar na Ballstáit agus ar na páirtithe leasmhara ábhartha uile i Rún A.1192 (33) uaithi an 6 Nollaig 2023, gníomhaíochtaí a chur chun cinn lena gcuirfear bac ar an 'gcabhlach dorcha' nó ar an 'scáthchabhlach' dul i mbun oibríochtaí neamhdhleathacha san earnáil mhuirí. Sa Rún sin, thug Tionól IMO dá aire, agus imní air dá réir, faisnéis faoi na longa sin a bhfuil oibríochtaí neamhdhleathacha ar bun acu ar mhaithe le teacht timpeall ar na smachtbhannaí nó a bhfuil gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile ar bun acu,

AGUS IAD Á CHUR IN IÚL gur aithin Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Rún 79/144 uaidh an 12 Nollaig 2024 go bhfuil cáblaí agus píblínte fomhuirí ríthábhachtach don gheilleagar domhanda agus do shlándáil náisiúnta na Stát uile, agus go dtuigeann sé go bhféadfaí damáiste a dhéanamh, d'aon ghnó nó de thaisme, do na cáblaí agus do na píblínte sin, agus gur iarr sé ar na Stáit bearta a dhéanamh chun cáblaí agus píblínte fomhuirí a chosaint agus chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar na deacrachtaí a bhaineann leis na cáblaí agus na píblínte sin, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, mar a léirítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige ('UNCLOS') an 10 Nollaig 1982,

AGUS IAD AG TEACHT LEIS an iarraidh ó na Stáit, a cuireadh in iúl le linn na díospóireachta oscailte maidir leis an tslándáil mhuirí i dtionól Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 20 Bealtaine 2025 faoi Uachtaránacht na Gréige, an chosaint dhlíthiúil idirnáisiúnta atá ann cheana a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr, go háirithe i gcás bonneagar criticiúil ar nós cáblaí agus píblínte fomhuirí,

AGUS É Á MHEABHRÚ ACU, go gcuidíonn sruthanna eile oibre, sa bhreis ar na gníomhaíochtaí a dhéanann na Náisiúin Aontaithe agus IMO, go gcuidíonn siad linn dul i ngleic leis na bagairtí sin. Tar éis an Ráitis Chomhpháirtigh ó Chruinniú Mullaigh Chomhghuaillithe ECAT i Muir Bhailt, an 14 Eanáir 2025, sainaithníodh roghanna lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na rioscaí don bhonneagar criticiúil faoin bhfarraige agus ar na dúshláin a bhaineann leis an 'scáthchabhlach'. Tháinig an tAontas agus deich Stát Eorpacha ar chomhaontú an 16 Bealtaine 2025 maidir le Meabhrán Tuisceana i ndáil leis an mbonneagar criticiúil faoin bhfarraige a chosaint i Muir Bhailt. An 14 Márta 2025, d'eisigh Airí Gnóthaí Eachtracha G7 Dearbhú maidir le Slándáil Mhuirí agus Rathúnas Muirí: obair ar bun chun an bonneagar criticiúil faoin bhfarraige a chosaint agus Tascfhórsa um an Scáthchabhlach curtha ar bun.

Ag tabhairt dá haire gur ghlac an Chomhairle Eorpach conclúidí an 19 Nollaig 2024 inar cuireadh in iúl gur díol sásaimh di bearta i gcoinne an 'scáthchabhlach', agus gur iarr na Ballstáit, ag cruinnithe na Comhairle Eorpaí an 26 Meitheamh agus an 23 Deireadh Fómhair 2025, go ndéanfaí bearta breise ina leith sin. Ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh conclúidí an 6 Meitheamh 2025 maidir le nascacht iontaofa athléimneach, agus béim á leagan aici ar an ngéarghá atá le tacaíocht chuimsitheach do bhonneagar cáblaí fomhuirí, mar a luadh i bPlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Slándáil Cáblaí,

AGUS É Á MHEABHRÚ ACU gur sheol an Coimisiún Eorpach agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Slándáil Cáblaí an 21 Feabhra 2025. Sonraítear sa Phlean Gníomhaíochta sin gur cheart don Aontas agus dá Bhallstáit, agus iad ag obair i gcomhar le IMO, comhthuiscint a bhunú ar fhorálacha ábhartha dhlí idirnáisiúnta na mara lena gcuirfear ar a gcumas do na Ballstáit, mar Stáit chósta agus Stáit brataí, bonneagar criticiúil a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí agus gníomhaíocht a dhéanamh maidir le 'scáthchabhlach' soithí agus aon soitheach ar díol spéise é a oibríonn ar an mórmhuir. Go háirithe, ba cheart measúnú cúramach a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil maidir le hidircheapadh nó bordáil soithí a bhfuil rioscaí ag baint leo don Aontas, i gcomhréir iomlán le Coinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige. Moltar sa Phlean Gníomhaíochta sin freisin go bhféadfaí machnamh féideartha a áireamh san obair ar an leibhéal iltaobhach maidir le conas leas iomlán a bhaint as na gníomhaíochtaí uile a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcomhréir le Dlí Idirnáisiúnta na Mara, d'fhonn cosaint na mbonneagar cáblaí fomhuirí a mhéadú agus noirm agus dea-chleachtais a chur chun cinn,

AGUS É Á MHEABHRÚ ACU gur sheol an Coimisiún Eorpach, an 6 Bealtaine 2025, Treochlár i dtreo deireadh a chur le hallmhairí fuinnimh ón Rúis, lena n-áirítear gníomhaíochtaí lena rachfar i ngleic leis an bhfadhb go bhfuiltear ag dul timpeall ar smachtbhannaí ola an Aontais de thairbhe na 'scáthchabhlach',

AGUS É Á MHEABHRÚ ACU go rannchuidíonn UNCLOS, mar a léirítear i réamhrá an Choinbhinsiúin, leis an tsíocháin, an tslándáil, an comhar agus caidreamh cairdiúil a choinneáil i measc na náisiún uile i gcomhréir le prionsabail an cheartais agus na gceart comhionann agus go gcuireann sé chun cinn dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta phobail uile an domhain, i gcomhréir le Cuspóirí agus Prionsabail na Náisiún Aontaithe mar a leagtar amach sa Chairt iad,

AGUS BÉIM Á LEAGAN ACU ar a thábhachtaí atá sé saoirsí na mórmhara, lena n-áirítear saoirse loingseoireachta, a fheidhmiú agus aird chuí á tabhairt ar leasanna Stát eile, agus nach mór do na Stáit uile, lena n-áirítear na Bratstáit, a n-oibleagáidí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige a chomhlíonadh de mheon macánta agus na cearta, an dlínse agus na saoirsí a aithnítear sa Choinbhinsiún a fheidhmiú ar bhealach nárbh ionann é agus mí-úsáid cirt,

AGUS É Á CHUR I BHFIOS GO LÁIDIR ACU gur gá don Aontas agus dá Bhallstáit aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann leis an scáthchabhlach agus leis an mbonneagar criticiúil faoin bhfarraige, agus sa chomhthéacs sin, ag tabhairt dá n-aire go gcabhróidh an tAontas, i gcomhréir le hAirteagal 3(5) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, 'leis an dlí idirnáisiúnta a urramú go docht agus a fhorbairt, lena n-áirítear prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe a urramú',

DEARBHAÍONN SÍ AGUS ATHDHEARBHAÍONN SÍ:

1. A dtiomantas buanseasmhach do UNCLOS, lena leagtar amach an creat dlíthiúil ar laistigh de nach mór na gníomhaíochtaí uile sna farraigí agus sna haigéin a chur i gcrích, ar ionstraim í a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi mar bhonn do ghníomhaíocht agus do chomhar náisiúnta, réigiúnach agus domhanda in earnáil na mara, agus ar gá a carachtar uilíoch aontaithe agus a sláine uilíoch aontaithe a chaomhnú;

2. Go mbaineann na rioscaí a bhaineann leis an 'scáthchabhlach' agus, b'fhéidir, le cleachtais loingseoireachta chontúirteacha eile, lena n-áirítear damáiste a d'fhéadfaí a dhéanamh don chomhshaol, chomh maith le rioscaí don tsábháilteacht agus don tslándáil mhuirí, do shláine na trádála idirnáisiúnta ar muir, don bhonneagar criticiúil faoin bhfarraige, lena n-áirítear cáblaí agus píblínte fomhuirí, do bheatha agus do shláinte na maraithe a bhíonn ag obair ar bord soithí, agus urraim do rialacha agus caighdeáin idirnáisiúnta mhuirí, go mbaineann siad leis na farraigí agus na haigéin uile, agus gur gá iad a mheas ina n-iomláine ó thaobh an dlí de, ós rud é go bhfuil na rioscaí sin mar chuid de na fadhbanna a bhaineann le spás na n-aigéan dá dtagraítear sa tríú clásal sa réamhrá a ghabhann le UNCLOS;

3. Go bhfuil riosca ar leith ag baint le soithí a bhíonn ag seoladh gan náisiúntacht, lena n-áirítear iad siúd atá sa 'scáthchabhlach'. nach oibríonn soithí gan náisiúntacht faoi dhlínse an Stáit brataí faoi UNCLOS. Níl siad i dteideal shaoirsí na mórmhara, lena n-áirítear saoirse loingseoireachta, ná cearta ar nós gluaiseacht neamhurchóideach nó gluaiseacht idirthurais toisc go ndeonaítear na saoirsí agus na cearta sin go heisiach do Stáit faoi dhlí na farraige. Níl siad faoi réir dhlínse eisiach aon Stáit ar an mórmhuir. Is féidir le haon Stát dul ar bord soithigh ar an mórmhuir i gcomhréir le hAirteagal 110 de UNCLOS, agus i Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha ('LEE') i gcomhréir le hAirteagal 58(2) de, i gcás ina bhfuil foras réasúnach amhrais ann nach bhfuil náisiúntacht ag an soitheach. Féadfaidh aon Stát bearta iomchuí a dhéanamh ar bord soithigh a aimsítear gan náisiúntacht, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus lena dhlí náisiúnta. Thairis sin, aithníonn Ballstáit an Aontais go bhféadfaidh aon Stát cósta gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus lena dhlí náisiúnta, maidir le soithí gan náisiúntacht agus iad ag loingsiú trí limistéir ina bhfeidhmíonn sé cearta ceannasacha nó dlínse. Ar an bhfarraige theorann, tá feidhm ag dlínse iomlán eisiach an Stáit cósta maidir leis na soithí sin;

4. Nach mór do gach Stát cloí lena n-oibleagáidí dlíthiúla de bhun Airteagal 113 de UNCLOS maidir leis na dlíthe agus na rialacháin is gá a bheith glactha ag gach ceann acu chun foráil a dhéanamh go measfar gur cion inphionóis é cábla fomhuirí nó píblíne fhomhuirí a bheith briste nó díobháil a bheith déanta dó ag soitheach a bhfuil a bhratach ar foluain aige nó ag duine atá faoi réir a dhlínse, ar gníomh é a dhéantar go toiliúil nó trí mhainneachtain inmhilleáin, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a bhaineann leis sin. Gur cheart don Aontas agus/nó dá Bhallstáit teagmháil a dhéanamh le Stáit bhrataí d'fhonn cur chun feidhme éifeachtach na forála sin a fheabhsú faoina ndlí náisiúnta;

5. Go bhfuil dualgas dlíthiúil ar gach Stát, i gcomhréir le hAirteagal 94 de UNCLOS, a dhlínse agus a rialú a fheidhmiú go héifeachtach i gcúrsaí riaracháin, teicniúla agus sóisialta ar shoithí a bhfuil a bhratach ar foluain acu. I ndáil leis sin, tá an obair a dhéantar faoi chuimsiú IMO maidir le treoirlínte nó dea-chleachtais a fhorbairt chun longa a chlárú ríthábhachtach;

6. Féadfaidh na Stáit chósta sin faisnéis árachais a iarraidh ar longa atá i mbun loingseoireachta ar a bhfarraige theorann nó ar a limistéar eacnamaíoch eisiach agus scrúdóidh siad an fhaisnéis sin maidir leo siúd a thugann cuairt ar cheann dá gcalafoirt i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Féadfaidh siad a iarraidh freisin ar shoithí atá i mbun loingseoireachta ar phríomhlimistéir tráchta deimhnithe árachais agus dliteanais shibhialta a thuairisciú i gcomhréir leis na comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha;

7. Go gcuirfidh Ballstáit an Aontais dlús lena n-iarrachtaí a áirithiú go gcomhlíonfaidh soithí a n-oibleagáidí dlíthiúla maidir le faisnéis a chur in iúl. Le Treoir Tharmligthe (AE) 2025/811 ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2025 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tugtar isteach oibleagáid ar shoithí a théann isteach i limistéar ina bhfuil córas tuairiscithe éigeantaigh long i bhfeidhm chun ceann amháin nó níos mó de na deimhnithe árachais arna n-eisiúint ag a sholáthraí agus arna n-iompar ar bord na loinge a sholáthar, lena soláthraítear fianaise gur ann d’árachas le haghaidh éilimh mhuirí, chomh maith le deimhnithe dliteanais shibhialta arna n-eisiúint i gcomhréir le coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha;

8. Gur uirlis thábhachtach a bheadh sna comhaontuithe sin leis na Stáit bhrataí ábhartha chun a dtoiliú a áirithiú le haghaidh oibríochtaí bordála réamhúdaraithe ar a gcuid soithí ar an mórmhuir nó i limistéar eacnamaíoch eisiach Bhallstáit an Aontais. Leis na comhaontuithe sin, d’fhéadfaí na coinníollacha agus na módúlachtaí a shainiú le haghaidh comhar le gach Stát brataí ábhartha maidir lena shoithí sa ‘scáthchabhlach’ atá i mbun oibríochtaí neamhdhleathacha;

9. Go gceadaítear leis an dlí idirnáisiúnta do Stáit gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh i roinnt cásanna a d’fhéadfadh a bheith ábhartha maidir leis an mbonneagar criticiúil faoin bhfarraige a chosaint, lena n-áirítear Airteagail 21, 73, 110, 111, 220 agus 221 de UNCLOS, chomh maith le hAirteagal X de Choinbhinsiún Pháras 1884 chun Cáblaí Telegrafa Fomhuirí a Chosaint, ach gan a bheith teoranta dóibh, i gcás inarb infheidhme;

10. Chomh maith leis an ngníomhaíocht chun gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an ‘scáthchabhlach’ a chomhrac, mar a leagtar síos i míreanna 7 agus 8, ní mór do na Stáit tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an gcreat um dhlí idirnáisiúnta na farraige d’fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ag dul i méid agus neart a chur le cosaint cáblaí agus píblínte fomhuirí i gcomhréir le UNCLOS, rud atá ag eascairt as na bagairtí méadaitheacha ar chábla agus píblínte fomhuirí agus iad a bheith á scriosadh nó díobháil a bheith á ndéanamh dóibh,

11. Tá sé ar intinn acu tionscnamh leathan a sheoladh chun uirlisí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar an mbonneagar criticiúil faoin bhfarraige, lena n-áirítear chun cáblaí agus píblínte fomhuirí a chosaint. D’fhorbrófaí na huirlisí sin sna fóraim iomchuí faoi seach, comhlachtaí na Náisiún Aontaithe nó IMO, mar shampla, ag brath ar a bhfuil iontu. D’fhéadfadh sé gurb é a bheadh sna huirlisí sin, mar shampla, cnuasach caighdeán idirnáisiúnta dea-iompair do shoithí atá i mbun loingseoireachta i gcóngar aon bhonneagar criticiúil faoin bhfarraige, ina leagtar amach prionsabail agus treoirlínte tiomnaithe, coimre rialacha do shoithí atá i mbun loingseoireachta trí Limistéir Mhara Ardíogaireachta, bearta chun cosaint cáblaí agus píblínte fomhuirí a neartú trí chosaint fheabhsaithe, faireachán níos dlúithe ar ghníomhaíochtaí timpeall ar láithreáin íogaire, agus sásraí, atá comhsheasmhach leis an dlí idirnáisiúnta, chun iompar a chuireann an bonneagar sin i mbaol a chosc, nó bearta eile i gcomhréir le UNCLOS. D’fhéadfadh idir ionstraimí nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí agus ionstraimí ceangailteacha nua a bheith i gceist leis na huirlisí sin.